ATHBHREITHNIÚ AR AN RIARACHÁN POIBLÍ

Ag Cur an Chomhionannais Chun Cinn tríd an Athbhreithniú ar an Riarachán Poiblí

Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE

Bealtaine 2009

CLÁR AN ÁBHAIR

		Leathanach
Brollach		1
Ceisteanna Comhionannais		3
An chaoi le freagra a thabhairt		9

Iarscríbhinn

Iarscríbhinn A	Raon an Chéad Bhille Oideachais ARP	15
Iarscríbhinn B	Raon an Dara Bille Oideachais ARP	17
Iarscríbhinn C	Príomhcháipéisí	19
Iarscríbhinn D	Ceistneoir	21
Iarscríbhinn E	An tAcht Um Shaoráil Faisnéise 2000 – rúndacht na gcomhairliúchán	27

BROLLACH

Cuirfidh an tAthbhreithniú ar an Riarachán Poiblí (ARP) an leasú is bunúsaí i bhfeidhm ar ár gcóras oideachais le breis agus 30 bliain. Mar bharr air, cuirfear an tÚdarás Oideachais agus Scileanna (ÚOS) ar bun ar 1 Eanáir 2010.

Is é bunsprioc an ARP i gcúrsaí oideachais feabhas a chur ar an oideachas. De bharr na socruithe nua seo is fearr a fhéadfar díriú ar thacaíocht sheasta ardcháilíochta a chur ar fáil do sholáthraithe seirbhísí oideachais "duine le duine", ach fosta caithfidh sé gurb ionstraim bhunúsach iad le gur fearr is féidir le gach páiste leas a bhaint as a chuid acmhainní féin agus an bhearna atá anois ann idir na haicmí is mó buntáiste agus na haicmí is mó míbhuntáiste inár measc a dhruidim.

Beidh cur chun cinn an chomhionannais i gcroílár gach gné d'obair an ÚOS, agus beidh a lorg sin le haithint ar an eagrú a bheidh air, ar a chuid feidhmeanna agus ar na seirbhísí a chuirfidh sé ar fáil.

Is é an bealach ina gcuirfidh an tÚdarás Oideachais agus Scileanna (ÚOS) le cur chun cinn an chomhionannais agus na feidhmíochta san oideachas an tslat tomhais lena measfar rath a chuid oibre. Caithfidh sé gur ról gníomhach a bheidh sa ról seo, a chuirfidh eagrú agus soláthar na seirbhísí agus na tacaíochta riaracháin i gcomhréir le riachtanais an chórais ar a mbeidh sé ag freastal.

Caithfear aghaidh a thabhairt ar gach sórt éagothroime agus tús áite a thabhairt do na páistí agus na daoine óga atá i bpriacal ar leith, lena n-áirítear an Lucht Siúil, páistí ar de mhionlaigh eitneacha iad agus páistí a bhfuil riachtanais bhreise acu nó ar de chúlraí faoi mhíbhuntáiste iad. Ní féidir glacadh leis an mhíchumas, leis an chúlra pobail, leis an chine ná leis an chlaonadh gnéasach mar leithscéal gur lú deiseanna daoine áirithe ná daoine eile; ná ní cheadófar aon sórt bulaíochta (go háirithe bulaíocht homafóbach) taobh istigh ná taobh amuigh de na scoileanna.

Ní fhéadfaimid a thuilleadh glacadh leis go gcuirfidh ár ndaoine óga 12 bhliain d'oideachas éigeantach díobh gan a bheith in ann ina dhiaidh sin an leibhéal feidhmíochta (Leibhéal 2, ionann agus 5 GCSE ag Grád C nó níos fearr) a bhaint amach a chuirfidh ar a gcumas leas a bhaint as deiseanna gairmréime agus a n-acmhainní féin a chomhlíonadh.

Scrúdófar agus leigheasfar aon easpa feidhmíochta – go háirithe cásanna na scoileanna úd a bhíonn ag freastal ar phobail ar cosúil an míchumas eacnamaíochta atá orthu ach a bhaineann leibhéil feidhmíochta an-éagsúla amach.

Creidim féin, má chuirtear an ARP i bhfeidhm go hiomlán, gur dóichí dá réir sin go mbeidh scoileanna agus seirbhísí don óige againn nach mbeidh a sárú le fáil agus go bhfaighidh gach foghlaimeoir, cuma an áit, an cúlra sóisialta, an inscne, an míchumas ná an cine, an deis leis an leas is fearr is féidir a bhaint as a chuid acmhainní. Caithfidh sé gurb é cur chun cinn an chomhionannais croílár an chláir atá againn le hathrú bunúsach a chur ar an oideachas le go bhféadfaidh ár ndaoine óga na scileanna, an t-eolas agus an féinmhuinín a fhorbairt d'fhonn dul i gcion go dearfa ar a sainchaoi féin ar an tsochaí.

Iarrann an doiciméad comhairliúcháin seo bhur léirmheasanna oraibh faoi mar a fhéadfaidh leasú an ARP cuidiú le cur chun cinn an chomhionannais agus tabhairt faoi na héagothroimí atá le feiceáil le fada is le rófhada.

Impím oraibh páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin seo agus an t-ábhar agus an treo ar a dtuairiscíonn an doiciméad seo a mheas go cúramach.

Caitríona Ruane

CAITRÍONA RUANE MLA
Aire Oideachais

CEISTEANNA COMHIONANNAIS

Leagann Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann raon dualgas ar na húdaráis phoiblí.

Chomh maith leis sin, caithfidh na húdaráis phoiblí a chur san áireamh nach mór féachaint chuige go gcothófar an dea-chaidreamh idir daoine nach den chreideamh, den tuairim pholaitiúil ná den chine céanna iad. Tá na dualgais seo arna ndearadh le deimhin a dhéanamh de go gcuirtear ceisteanna comhionannais agus dea-chaidrimh san áireamh go cúramach le linn do pholasaithe a bheith á n-ullmhú, agus gur féidir comhairle a ghlacadh leo siúd ar mó a rachaidh an polasaí i gcion orthu.

Is é tuairim na Roinne Oideachais nach gá measúnacht tionchair chomhionannais iomlán a dhéanamh de bharr mholtaí na cáipéise seo. Is é aidhm na moltaí soláthar an oideachais a fheabhsú anseo, agus iad ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna ar leith le gur fearr a oirfidh an córas "chun na críche". Ní bheadh aon drochthionchar ag na moltaí ar ghrúpaí Ailt 75 ná níorbh fhearrde an caidreamh pobail nó an comhionannas deiseanna iad a athrú. Ina theannta sin scrúdaíodh gach polasaí díobh agus ní bhfuarthas aon fhianaise go bhféadfaidís aon éifeacht dheachraí dhíobhálach a bheith acu, agus ní gá mar sin measúnacht tionchair chomhionannais iomlán a déanamh.

B'ábhar díospóireachta i bpáipéar polasaí gach polasaí díobh chomh maith agus cuireadh an doiciméad cuí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne le go bhféadfadh na páirtithe leasmhara a dtuairimí a chur in iúl. Chuaigh na tuairimí seo i bhfeidhm go cuí ar fhorbairt na bpolasaithe. Níor tháinig aon fhadhb chomhionannais ar bráid go trásta.

Mar sin féin, bheadh fáilte ag an Roinn roimh thuairimí ar an chomhthéacs ina ndéanfar leasuithe polasaí eile sna míonna seo chugainn. Cuirfear sainbhearta comhairliúcháin i gcrích faoi gach ceann de na moltaí polasaí seo de réir mar a dhéantar iad.

Cinneadh ar struchtúr an tsoláthair oideachais mar atá sé anois sa dlínse seo breis agus tríocha bliain ó shin agus is mar seo atá sé:-



D'fhonn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an 21ú haois moltar an struchtúr úr seo:-



Deis chun an Comhionannas a chur chun cinn

Is éard a bheidh san ARP an leasú is bunúsaí ar ár gcóras oideachais le breis agus 30 bliain. Caithfear roinnt blianta ag cur an ARP i bhfeidhm agus áireoidh sé roinnt céimeanna: an polasaí a fhorbairt, an reachtaíocht a rith agus ansin athstruchtúr a chur ar na heagraíochtaí agus na seirbhísí a dhéanann an obair duine le duine. Beidh cur chun cinn an chomhionannais ag croílár gach céime de na céimeanna seo.

Tá roinnt céimeanna i bpróiseas na measúnachta tionchair chomhionannais agus is é an chéad cheann díobh an scagadh comhionannais. Is é aidhm an scagtha seo na polasaithe úd a shainaithint ar dócha go mbeidh tionchar mór acu ar chomhionannas na ndeiseanna. Sna cásanna seo ba cheart de ghnáth measúnacht tionchair chomhionannais fhoirmiúil a chur i gcrích féachaint an bhfágfaidh siad iarmhairt ar chomhionannas dheiseanna na ngrúpaí atá i gceist. Más amhlaidh a léiríonn an mheasúnacht go bhfuil seans go bhfágfaidh an polasaí iarmhairt dhíobhálach, ní mór don Roinn féachaint cé mar ab fhéidir an iarmhairt seo a laghdú, lena n-áirítear malairt polasaí a ghlacadh le gur fearr a chuirfear an comhionannas deiseanna chun chinn.

Tá bearta comhairliúcháin déanta cheana féin ag an Roinn faoi thorthaí an scagtha comhionannais ar chuid áirithe de pholasaithe an ARP – seirbhísí don óige, rialachas na scoileanna agus tacaíocht earnála. Cuirfear na freagraí a fuarthas sna comhairliúcháin a rinneadh roimhe seo san áireamh agus anailís á déanamh ar na freagraí ar an doiciméad seo.

An Roinn Oideachais Fís le haghaidh an Oideachais

> "an t-oideachas agus an fhorbairt is fearr is féidir a thabhairt do na daoine óga, agus an rochtain chéanna ag cách orthu"

Na Torthaí Straitéiseacha a theastaíonn d'Earnáil an Oideachais

1. Na leibhéil feidhmíochta is fearr san OECD agus tionchair an mhíbhuntáiste eacnamaíoch is shóisialta a laghdú.

2. Cumas rochtana ar oideachas agus ar churaclam don óige i gcomhthéacs a riarfaidh ar shainriachtanais foghlamtha na ndaoine óga agus a chuirfidh ar a gcumas a gcuid acmhainní a chomhlíonadh go hiomlán.

3. Riachtanais foghlamtha agus forbartha éagsúla na ndaoine óga á gcomhlíonadh ag múinteoirí spreagtha sciliúla, ag oibrithe óige, ag baill foirne eile agus ag oibrithe deonacha.

4. Na seirbhísí oideachais agus óige arna n-eagrú agus arna maoiniú le go mbeidh teacht ag na daoine óga, cuma comhthéacs an oideachais nó na hoibre óige, ar sholáthar costéifeachtach le hacmhainní cuí.

5. Aitheantas forleathan ar luach agus ar thairbhe an oideachais don duine, don tsochaí agus don eacnamaíocht.

I gcroílár na moltaí tá an tiomantas chun cáilíocht na seirbhísí oideachais a fheabhsú agus soláthar na múinteoireachta agus na foghlamtha a bhreisiú do na daoine óga.

Ó thaobh an riaracháin de, cuirfidh an ARP na tairbhí seo ar fáil agus é:

- ag luathú riarachán an oideachais;
- ag baint barainneachtaí scála amach;
- ag cur na seirbhísí ar fáil ar bhealach is éifeachtaí;
- ag saoradh acmhainní le feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí ar an leibhéal duine-le-duine; agus
- ag cur feabhais ar luas, ar chomhsheasmhacht agus ar chomhleanúnachas na cinnteoireachta agus fhorfheidhmiú na mbeartas.

Faoi réir an ARP, is mar a leanas a bheidh freagrachtaí na gcomhlachtaí:-

- Beidh an Roinn Oideachais freagrach as:-
  - treoir straitéiseach a bhunú don oideachas;
  - na polasaithe, na tosaíochtaí agus na caighdeáin a leagan síos do na scoileanna agus do na seirbhísí don óige;

- leithdháileadh na n-acmhainní agus an mhonatóireacht orthu; agus
- deimhin a dhéanamh de go soláthróidh an ÚOS úr seirbhísí éifeachtacha agus éifeachtúla

- Beidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna freagrach as cigireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar na hinstitiúidí oideachais, oiliúna agus óige go léir agus ar na seirbhísí a bhaineann leo, agus í ag feidhmiú go neamhspleách ar sholáthraithe agus ar úsáideoirí na seirbhísí.

- Beidh an An tÚdarás Oideachais agus Scileanna freagrach as:-
  - an mhaoiniú agus as seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do na scoileanna go léir;
  - cláir feabhsaithe ar na scoileanna a sholáthar;
  - monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na scoileanna, ag déanamh beart agus ag tabhairt tacaíochta de réir mar is gá;
  - pleanáil straitéiseach agus conarthaí poiblí maidir le heastát na scoileanna;
  - comhairle faoin churaclam agus faoin mheastóireacht;
  - forbairt agus soláthar cáilíochtaí; agus
  - feidhmiú mar údarás fostaíochta don fhoireann mhúinteoireachta agus do bhaill foirne eile sna scoileanna a fhaigheann cúnamh deontais.

- An Fóram Comhairleach Oideachais a sheasann do pháirtithe leasmhara an oideachais ar bhonn reachtúil agus a sholáthraíonn comhairle don Roinn faoi na ceisteanna bunúsacha.

Is féidir leis na scoileanna (faoi réir na gclásal cosanta is gá):

- glacadh le freagrachtaí breise;
- a bheith níos neamhspleáiche ná mar atá siad anois;
- a bheith níos inbhuanaithe; agus
- breis cumais a bheith acu gníomhú mar fhórsa tiomána i bhfeabhsú an oideachais.

Ag freagairt dóibh, iarrtar ar na freagróirí a gcuid tuairimí a thabhairt ar thionchar na moltaí seo ar chumas na hearnála oideachais bearnaí na héagothroime atá anois ann a dhruidim. As seo go ceann cúpla mí, tabharfaidh an Roinn Oideachais mionsonraithe eile faoi na polasaithe a chuirfidh struchtúr ar sholáthar seirbhísí an ÚOS. Tugann na bearta comhairliúcháin seo faill don phobal a rá leis an Roinn cé mar is féidir léi úsáid a bhaint as an deis seo le tabhairt faoin éagothroime agus an leas is fearr a bhaint as an deis a chuireann na leasuithe atá ar siúl ar fáil.

AN CHAOI LE FREAGRA A THABHAIRT

Más mian leat do mheas a chur in iúl faoi na moltaí atá sna hlarscríbhinní A agus B leis an doiciméad seo **iarrtar ort an ceistneoir** atá le fáil ar chúl an doiciméid seo (larscríbhinn D), nó is féidir a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Roinne, **a chomhlánú agus a chur ar ais**.

http://www.deni.gov.uk/index/85-about-the-dept/85-about_dept-consultations.htm

Is féidir an ceistneoir comhlánaithe a chur ar ais trí bhíthin ríomhphoist, poist nó facs.

Is é **Dé hAoine an 7 Lúnasa 2009 an spriocdháta do na freagraí**.

Cuirtear aon cheist faoin chomhairliúchán seo chuig

Scríofa: Rannán an ARP
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Giall
Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR
Co an Dúin
BT19 7PR

Ríomhphost: *rpa@deni.gov.uk*

Teileafón: 028 9127 9978

Facs: 028 9127 9100

Déan deimhin de go n-áiríonn an ceistneoir comhlánaithe d'ainm, d'eagraíocht, do sheoladh agus d'uimhir teileafóin, agus go dtugtar le tuiscint cé acu leat féin na tuairimí atá ann nó le d'eagraíocht.

Iarrtar ort dul i dteagmháil leis an Roinn má theastaíonn aon cheann de na doiciméid seo uait i bhformáid eile.

Cúlra na Moltaí

Is féidir teacht ar pháipéir pholasaí an ARP agus ar an doiciméad anailíse ar na freagraí ag:

www.deni.gov.uk/index/8-admin_of_education_pg/100-review-of-public-administration/100-policy-documents.htm

I bhfianaise raon agus chastacht na reachtaíochta a theastaíonn le leasuithe oideachais an ARP a thabhairt chun críche, tá an Roinn, le cead an Fheidhmeannais, ag ullmhú dhá mhír reachtaíochta shubstaintiúla d'fhonn an forfheidhmiú a thabhairt chun críche ar bhealach céimnithe.

Ar leasú an struchtúir a dhíríonn an chéad Bhille (féach Iarscríbhinn A) – bunú an Údaráis Oideachais agus Scileanna, lena n-áirítear aistriú foirne, feidhmeanna, agus na sócmhainní agus dócmhainní arb oidhreacht na n-eagraíochtaí atá ann iad – a cuireadh faoi bhráid an Tionóil ar 25 Samhain 2008 le féachaint chuige gur féidir an ÚOS a bhunú faoi 1 Eanáir 2010.

Agus í ag cur an chéad Bhille i láthair dúirt an tAire Oideachais:-

"Ní hé cuspóir an ARP maidir leis an oideachas slacht a chur ar an riarachán ná na costais a laghdú. Is é is bunaidhm dó caighdeáin an oideachais a ardú agus seirbhís phoiblí bhunriachtanach a chur ar fáil a threoróidh agus a chuirfidh riocht ar fhorbairt agus ar dheiseanna saoil ár ndaoine óga agus a thógfaidh pobail láidre chomhtháite, rudaí is ionann agus fórsa agus farae a thabhairt dár n-eacnamaíocht."

Tá achoimre ar an Bhille Oideachais, an Bille féin (ina iomláine) agus an Cás Gnó Imlíneach a thacaíonn le bunú an ÚOS le fáil thar na naisc seo a leanas:-

http://www.deni.gov.uk/summary_of_the_education_bill_as_introduced_on_25_november_2008.pdf

http://www.niassembly.gov.uk/legislation/primary/2008/niabill3_08.pdf

http://www.deni.gov.uk/esa_obc_final_report_issued-4.pdf

Tá cóipeanna de na doiciméid seo le fáil ó Bhrainse ARP na Roinne – tá na sonraí teagmhála le fáil ar aghaidh an doiciméid chomhairliúcháin seo.

Tá rún an dara Bille (féach Iarscríbhinn B) a chur faoi bhráid an Tionóil faoi Mheitheamh 2009 le gur féidir é a rith ina dhlí faoi 1 Eanáir 2010 más féidir, nó faoi 1 Aibreán 2010 ar a dhéanaí.

Monatóireacht Le Haghaidh Iarmhairtí Díobhálacha

Déanfar athbhreithniú ar na polasaithe atá san Athbhreithniú ar an Riarachán Poiblí uair amháin in aghaidh na bliana agus foilseofar torthaí na monatóireachta i dtuarascáil bhliantúil na Roinne Oideachais agus/nó an ÚOS ar an dul chun cinn chun an Choimisiúin Chomhionannais.

Más amhlaidh a léiríonn an mhonatóireacht agus an anailís a dhéanfar i rith tréimhse dhá bhliain gur mó iarmhairtí díobhálacha an pholasaí ná mar a bhíothas ag ceapadh, nó má bhíonn an fhaill ann an comhionannas deiseanna a chur chun cinn ar bhealach is fearr, déanfaidh an Roinn Oideachais agus an ÚOS deimhin de go n-athcheartófar an polasaí le gur fearr na torthaí a bhaintear amach do na grúpaí atá i gceist.

IARSCRIBHINN

Iarscríbhinn A

RAON AN CHÉAD BHILLE OIDEACHAIS ARP

1. **An ÚOS a bhunú** – lena n-áirítear ról, dualgais, bunreacht, méad agus cothromaíocht bhallraíocht an údaráis, sealbhaíocht oifige agus pá; ceapadh Phríomhfheidhmeannach an ÚOS; íocaíochtaí leis an ÚOS a dhéanfaidh an Roinn as cistí a leithdháilfear; agus roinnt forálacha ginearálta maidir le Saoráil Faisnéise, comhionannas agus araile.

2. **Feidhmeanna na Roinne Oideachais** – feidhmeanna agus baill foirne áirithe a aistriú chun an ÚOS.

3. **Na Boird Oideachais agus Leabharlann** – díscaoileadh na 5 Bhord Oideachais agus Leabharlann agus aistriú a ndualgas, a bhfeidhmeanna, a sócmhainní agus a ndócmhainní agus a bhfoirne chun an ÚOS.

4. **An Chomhairle Churaclaim, Scrúdúchán agus Mheasúnaithe (CCEA)** – díscaoileadh an CCEA agus aistriú na ndualgas, na bhfeidhmeanna, na sócmhainní agus na ndócmhainní agus na foirne chun an ÚOS.

5. **An Coimisiún Foirne** – díscaoileadh an Choimisiúin Foirne agus aistriú na ndualgas, na bhfeidhmeanna, na sócmhainní agus na ndócmhainní agus na foirne chun an ÚOS.

6. **Comhairle na hÓige** – díscaoileadh Chomhairle na hÓige agus aistriú na ndualgas, na bhfeidhmeanna, na sócmhainní agus na ndócmhainní agus na foirne chun an ÚOS.

7. **Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil** – díscaoileadh na Comhairle agus aistriú na ndualgas, na bhfeidhmeanna, na sócmhainní agus na ndócmhainní agus na foirne chun an ÚOS.

8. **Teagmhais Shibhialta** – cuireann an reachtaíocht ARP an deis ar fáil gníomhaíochtaí áitiúla teagmhas sibhialta a neartú, mar chuid de na dualgais teagmhas sibhialta a thabharfar isteach níos forleithne do na heagraíochtaí úra agus athmhúnlaithe éagsúla. D'áireodh sé seo go leagfaí dualgas éigeantach ar an ÚOS dul i mbun gníomhaíochtaí teagmhas sibhialta maidir lena chuid feidhmeanna.

9. **Seirbhís Leabharlainne do na Scoileanna (SLS)** – is é príomhchuspóir na forála seo soláthar na SLS a dhaingniú laistigh den ÚOS, agus féachaint chuige go bhféadfar comhaontuithe leibhéil seirbhíse a dhéanamh leis an údarás leabharlann úr.

10. **Údarás Fostaíochta** – ba cheart gurbh é an ÚOS an t-údarás fostaíochta don fhoireann mhúinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta i gcás scoileanna a fhaigheann cúnamh deontas. Beidh forálacha ann a leagfaidh amach róil an ÚOS agus na mBord Gobharnóirí faoi seach maidir le cúrsaí fostaíochta agus le bainistíocht na scoileanna go ginearálta.

11. **An Chomhairle Ghinearálta Teagaisc** – ní mór coigeartú a dhéanamh le go mbeidh feidhmeanna na Comhairle Ginearálta ag teacht i gcónaí lena leithéid eile i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. Forálann an coigeartú seo gur féidir múinteoir a bhaint den chlár agus finnéithe a ghairm agus a chur faoi mhionn le fianaise a fháil.

12. **Cosaint Páistí** – chaithfeadh iallach a bheith ar an ÚOS na scoileanna agus soláthraithe oideachais eile a choimeád cuntasach as a gcuid freagrachtaí maidir le cosaint páistí.

13. **An tOideachas a Fheabhsú agus na Caighdeáin a Ardú sna Scoileanna (Scoileanna a Fheabhsú)** – leagfaidh an reachtaíocht síos cumhachtaí agus dualgais do na boird gobharnóirí, don ÚOS agus don Roinn Oideachais, agus socruithe cuntasachta soiléire.

14. **Cumhachtaí cigireachta** – neartóidh agus nuachóireoidh an reachtaíocht cumhachtaí cigireachta na Roinne Oideachais maidir leis na scoileanna, agus cumhachtaí na Roinne Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta maidir leis na leabharlanna. Tá athbhreithniú déanta ag an Roinn Fostaíochta agus Foghlamtha ar na forálacha atá anois ann maidir le cumhachtaí cigireachta agus dar léi is leor iad seo do na heagraíochtaí a mhaoiníonn sí. Tabharfaidh an Bille freisin faoi aimhrialtacht sa reachtaíocht atá anois ann agus déanfaidh sé deimhin de go mbeidh na trí Roinn i riocht údarás a thabhairt do bhaill na Cigireachta Oideachais agus Oiliúna na cumhachtaí seo a chleachtadh thar a gceann nó socruithe malartacha a dhéanamh má theastaíonn siad.

15. **Pleanáil Bunaithe ar an Limistéar** – leagfaidh an reachtaíocht dualgas ar an ÚOS pleanáil éifeachtach a chur ar bun d'eastát an oideachais.

16. **Seirbhísí do na blianta tosaigh** - Aistríodh an fhreagracht as raon seirbhísí do na blianta tosaigh ón Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí le linn an riaracháin roimhe seo. Bronnfaidh an reachtaíocht dualgais agus feidhmeanna reachtúla ar an ÚOS maidir le seirbhísí do na blianta tosaigh (ar a dtugtar 'seirbhísí oideachais' sa Bhille)

Iarscríbhinn B

RAON AN DARA BILLE OIDEACHAIS ARP

1. **Pleanáil Bunaithe ar an Limistéar** – Déanfar socruithe riaracháin eatramhacha roimh an chéad Bhille, agus forálacha reachtaíochta ina dhiaidh sin sa dara Bille.

2. **Úinéireacht scoileanna atá rialaithe go poiblí** – Rachaidh an ÚOS ar dtús i seilbh na scoileanna rialaithe mar atá siad anois, is sé sin le rá, iad siúd atá i seilbh na mBord Oideachais agus Leabharlann. Bainfidh an dara Bill seilbh na scoileanna seo den ÚOS, sa chaoi is nach mbeidh aon choinbhleacht leasa ann le ról an ÚOS mar phleanálaí scoileanna.

3. **An Fóram Comhairleach Oideachais (FCO)** – Is éard atá faoin FCO a dhéanamh meicníocht úr is mó éifeacht a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas na Roinne Oideachais agus na Roinne Fostaíochta agus Foghlamtha comhairle a choimisiúnú agus a fháil.

Iarscríbhinn C

PRÍOMHCHÁIPÉISÍ

An Roinn Oideachais - Eolaí ar Riarachán an Oideachais Meán Fómhair 2003

http://rhiis3/rathgael/Documents/_DECommon/CorporateServices/PersonnelandDevelopment/Induction/AGuidetoAdminofEduc.pdf

An Roinn Oideachais Cuntais Acmhainní don bhliain dar críoch 31 Márta 2008 NIA 153/07-08

http://www.deni.gov.uk/department_of_education_2007-08_resource_accounts.pdf

Athbhreithniú ar an Riarachán Poiblí - Páipéar Polasaí Comhdhlúite

http://www.deni.gov.uk/index/8-admin_of_education_pg/100-review-of-public-administration/100-policy-documents.htm

Athbhreithniú ar an Riarachán Poiblí - Páipéir Pholasaí

http://www.deni.gov.uk/index/8-admin_of_education_pg/100-review-of-public-administration/100-policy-documents.htm

Iarscríbhinn D

CEISTNEOIR AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN

Ag Cur An Chomhionannais Chun Cinn Tríd An Athbhreithniú Ar An Riarachán Poiblí

Féadfaidh tú freagairt ar an doiciméad comhairliúchán trí bhíthin ríomhphoist, litreach nó facs.

Roimh duit freagairt, iarrtar ort Iarscríbhinn E a léamh, a bhaineann le héifeacht an Achta um Shaoráil Faisnéise 2000 ar rúndacht na bhfreagairtí ar bhearta comhairliúcháin phoiblí.

Ba chóir na freagraí a sheoladh chuig:

Ríomhphost: *mail@deni.gov.uk*

Scríofa: Rannán an ARP
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Giall
Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR
Co an Dúin
BT19 7PR

Facs: 02891 279100

Caithfear na freagraí a bheith faighte nach moille ná **Dé hAoine 7 Lúnasa 2009**.

Tá mé ag freagairt: mar dhuine aonair ☐
thar ceann eagraíochta ☐
(ticeáil ceann de na boscaí)

Ainm: _____

Teideal an Phoist: _____

Eagraíocht: _____

Seoladh: _____

Teil: _____

Facs: _____

Ríomhphost: _____

Moltaí

Q1. Leagann an doiciméad seo amach comhchodanna éagsúla chlár oideachais an ARP mar aon le measúnacht tosaigh ardleibhéil ar na deiseanna chun an chothroime a chur chun cinn nó an éagothroime a laghdú.

Iarrtar ort a thabhairt le fios cé acu a aontaíonn tú nó a easaontaíonn tú le gach ceann gach de na moltaí seo a leanas. Más amhlaidh a easaontaíonn tú le haon cheann de na moltaí, tabhair do chúiseanna le fios sa spás cuí. Iarrtar ort fosta mionsonraí a thabhairt ar aon mholadh breise ba mhaith leat a dhéanamh.

Liosta na bPolasaithe	Aontaím/ Ní aontaím
1. Bunú an Údaráis Oideachais agus Scileanna	
2. Ról na Roinne Oideachais	
3. An tOideachas a Fheabhsú agus na Caighdeáin a Ardú	
4. Údarás Fostaíochta Aonair	
5. Scéimeanna Bainistíochta do scoileanna a fhaigheann cúnamh deontais	
6. Cosaint leanaí agus daoine óga	
7. Seirbhís leabharlainne na scoileanna	
8. Cumhachtaí cigireachta	
9. Teagmhais shibhialta	
10. Cumhachtaí taifid na ndaltaí a chruinniú	
11. Comhairle Ghinearálta Teagaisc Thuaisceart Éireann	
12. Eastát an Oideachais (Pleanáil Bunaithe ar an Limistéar san áireamh)	
13. Scoileanna faoi úinéireacht phoiblí (scoileanna rialaithe) - úinéireacht agus ionadaíocht/pléideáil	
14. Rialachas na Scoileanna	
15. An Fóram Comhairleach Oideachais	
16. Soláthar don Óige	
17. Tacaíocht Earnála	

Mura n-aontaíonn tú le ceann amháin nó ceann eile de na moltaí tabhair an fáth le fios le do thoil:-

Impleachtaí don chomhionannas

C2. Dar leat an bhfuil seans go mbeidh tionchar díobhálach ag na moltaí ar aon cheann de na naoi ngrúpaí comhionannais a shainaithnítear in Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998? Más tá dar leat, tabhair an grúpa nó na grúpaí le fios agus do mheas faoi mar ab fhéidir na hiarmhairtí díobhálacha seo a laghdú nó a mhaolú sna moltaí

Tá ☐ Níl ☐

Freagra:

Q3. An eol duit go bhfuil aon fhianaise cháilíochtúil nó chainníochtúil ann go mb'fhéidir go bhfágfadh na moltaí iarmhairt dhíobhálach ar an gcomhionannas deiseanna nó ar an dea-chaidreamh? Más eol, tabhair na mionsonraí agus do mheas faoi gach ar cheart a chur leo nó a bhaint díobh leis an iarmhairt dhíobhálach seo a mhaolú.

Is eol ☐ Ní heol ☐

Freagra:

Q4. An bhféadfadh na moltaí bearta breise a dhéanamh chun an comhionannas deiseanna nó an dea-chaidreamh a chur chun cinn? Dá bhféadfadh, abair go cruinn cé mar a d'fhéadfadh.

D'fhéadfadh ☐ Ní fhéadfadh ☐

Freagra:

GO RAIBH MAITH AGAIBH FAOI DO THUAIRIMÍ.

Iarscríbhinn E

AN TACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE 2000 – RÚNDACHT NA GCOMHAIRLIÚCHÁN

Foilseoidh an Roinn coimriú ar na freagraí nuair a bheidh an próiseas comhairliúcháin thart. Féadfar do fhreagrasa, agus gach freagra eile a thabharfar ar an chomhairliúchán, a nochtadh ar iarratas. Is i gcúinsí eisceachtúla amháin is féidir leis an Roinn diúltú faisnéis a nochtadh. Léigh na hailt thíos faoi rúndacht na gcomhairliúchán **sula dtugann tú** do fhreagra. Tabharfaidh siad treoir duit maidir leis an stádas dlíthiúil a bheidh ag aon fhaisnéis a thabharfaidh tú i do fhreagra ar an chomhairliúchán seo.

Tugann an tAcht um Shaoráil Faisnéise ceart rochtana don phobal ar aon fhaisnéis atá ag údarás poiblí, .i. an Roinn sa chás seo. Baineann an ceart rochtana ar fhaisnéis seo fosta le faisnéis a chuirtear ar fáil mar fhreagra ar chomhairliúchán. Ní féidir leis an Roinn glacadh leis sa ghnáthchúrsa gur faisnéis faoi rún aon fhaisnéis a thugtar di mar fhreagra ar chomhairliúchán. Tá sé de fhreagracht uirthi, áfach, cinneadh a dhéanamh an bhfuil aon fhaisnéis a chuir tú ar fáil mar fhreagra ar an chomhairliúchán seo, lena n-áirítear faisnéis ar ar féidir thú a aithint, faoi rún nó le nochtadh don phobal.

Dá réir sin ní dócha go measfar go bhfuil aon fhaisnéis a chuireann tú ar fáil mar fhreagra ar an chomhairliúchán seo faoi rún, ach amháin i dtosca fíor-neamhghnácha. Forálann an Cód Cleachtais i leith an Achta um Shaoráil Faisnéise:

- nár chóir don Roinn glacadh le faisnéis faoi rún ó thríú páirtithe murar gá an fhaisnéis sin a fháil i dtaca le comhlíonadh aon cheann d'fheidhmeanna na Roinne agus nach bhfaighfí an fhaisnéis ina éagmais sin;
- nár chóir don Roinn toiliú aon fhaisnéis a fuair sí ó thríú páirtithe a choinneáil "faoi rún" murar ábhar rúnda de réir a cineáil í; agus
- má ghlacann an Roinn le forálacha rúndachta, nach mór cúiseanna maithe is féidir a chosaint os comhair an Choimisinéara Faisnéise a bheith leis.

Téigh i dteagmháil, le do thoil, le hOifig an Choimisinéara Faisnéise chun tuilleadh eolais a fháil faoi rúndacht na bhfreagraí nó féach an láithreán gréasáin ag *http://www.informationcommissioner.gov.uk.*

ATHBHREITHNIÚ AR AN RIARACHÁN POIBLÍ

Ag Cur an Chomhionannais Chun Cinn tríd an Athbhreithniú ar an Riarachán Poiblí